BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

16 Iúil 2026 *

(Tarchur chun réamhrialú – An smacht reachta – Neamhspleáchas breithiúna – An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Rialachán náisiúnta lena bhfíoraítear comhlíonadh ceanglas neamhspleáchais agus neamhchlaontachta breithimh atá ina shuí sa Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) – Comhdhéanamh painéil breithiúna a n-iarrtar air athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin – Mírialtachtaí a bheith in imthosca ceapacháin baill den phainéal sin – Iarmhairtí atá le baint as an mírialtacht sin – Neamhchlaontacht – Tosaíocht dhlí an Aontais)

I gCás C-748/23 [Gekus] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn), trí bhreith an 20 Deireadh Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 6 Nollaig 2023, sna himeachtaí

C. Limited

v

M. S.,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Bhreitheamh den Cheathrú Dlísheomra, M. Condinanzi, N. Jääskinen agus R. Frendo, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: E. Sartori, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 4 Meitheamh 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– C. Limited, ag M. Kotowicz agus M. Radwan-Röhrenschef, adwokaci,

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

– M. S., ag J. Baniewska agus M. Gutowski, adwokaci, agus ag R. Rogala, radca prawny,

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, D. Mazur, M. Rzotkiewicz agus S. Żyrek, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Beilge, ag C. Jacob, M. Jacobs, C. Pochet agus L. Van den Broeck, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hÍsiltíre, ag M. K. Bulterman agus J. M. Hoogveld, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag K. Herrmann, P. Stancanelli agus P. J. O. Van Nuffel, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 1 Lúnasa 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir C. Limited, cuideachta atá corpraithe faoi dhlí na hÉireann agus M.S., náisiúnach Éireannach, maidir le héileamh ar shuim a aisíoc a eascraíonn as gníomhartha dlí a rinneadh sa Pholainn.

An dlí lena mbaineann

3 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 29 den ustawa o Sądzie Najwyższym (an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach) an 8 Nollaig 2017 (Dz U. 2018, mír 5), arna leasú leis an ustawa o zmianie ustawy o Sądzie Najwyższym oraz niektórych innych ustaw (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile) an 9 Meitheamh 2022 (Dz. U. de 2022 mír 1259) ('an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach'):

' [...]

2. I gcomhthéacs ghníomhaíochtaí an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] ní ceadmhach tabhairt faoi cheist dlisteanacht [na gcúirteanna], na n-orgán bunreachtúil Stáit agus na n-orgán um athbhreithniú a dhéanamh, agus um chosaint ar an dlí.

3. Ní ceadmhach don [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] nó orgán cumhachta eile cinneadh nó measúnú a dhéanamh ag cúirt riaracháin nó ag orgán cumhachta eile ar dhleathacht ceapacháin breithimh nó ar an gcumhacht feidhmeanna a chur i gcrích in ábhair riartha an cheartais de dheasca an cheapacháin sin.

4. Ní féidir leis na himthosca a bhaineann le ceapachán breithimh den [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] a bheith ina bhforas eisiach chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh a glacadh le rannpháirtíocht an bhreithimh sin nó chun a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a cheistiú.

5. Is ceadmhach scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht ag breitheamh den [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] nó ag breitheamh arna tharmligean chuig an gcúirt sin, agus na himthosca a bhaineann lena cheapachán agus a iompar tar éis a cheapacháin á gcur san áireamh, arna iarraidh sin don duine dá dtagraítear i mír 7, más rud é, in imthosca cáis ar leith, go bhféadfadh sárú ar phrionsabal an neamhspleáchais nó na neamhchlaontachta difear a dhéanamh do thoradh an cháis a bheith mar thoradh air sin, agus staid an dlíthí agus cineál an cháis á gcur san áireamh.

6. Féadfar iarratas ar dhearbhú maidir le comhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear i mír 5 ("tástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta") a thaisceadh i gcoinne breitheamh den [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] nó breitheamh arna tharmligean chuig an gcúirt sin atá sannta do phainéal breithiúna a scrúdaíonn na nithe seo a leanas:

(1) achomharc;

[...]

7. Beidh sé de cheart ag aon pháirtí sna himeachtaí os comhair an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] sna cásanna dá dtagraítear i mír 6 iarraidh den sórt sin a thíolacadh.

[...]

9. Ní mór don iarraidh na ceanglais a leagtar síos le haghaidh nós imeachta a chomhlíonadh agus, ina theannta sin, ní mór an méid seo a leanas a bheith ann:

(1) iarraidh ar dhearbhú maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 5 sa chás atá i gceist;

(2) na himthosca is údar leis an iarraidh, chomh maith le fianaise thacaíochta.

10. Diúltófar d'iarraidh nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 29(9) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach mar iarraidh do-ghlactha, gan deis a thabhairt don iarratasóir aon easnamh foirmiúil a leigheas. Diúltófar freisin d'iarraidh dhéanach nó atá do-ghlactha ar aon fhoras eile, mar iarraidh do-ghlactha.

[...]

15. Déanfaidh an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] scrúdú ar an iarraidh i seomra iata i bpainéal de chúigear breithiúna arna roghnú trí chrannchur ó chomhaltaí uile an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], tar éis an breitheamh dá dtagraítear san iarraidh a éisteacht, mura rud é go bhfuil éisteacht dodhéanta nó an-deacair. Féadfaidh an breitheamh a bharúlacha a chur isteach i scríbhinn. Eisiafar an breitheamh lena mbaineann ón gcrannchur.

[...]

18. Má ghlacann sí leis an iarraidh, scaoileann an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) an breitheamh ón gcás. Ní féidir breitheamh a scaoileadh ó chás ar an bhforas amháin gur scaoileadh é i gcásanna eile a raibh baint aige leo.

[...]

21. Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh ordú arna dhéanamh tar éis an iarraidh a scrúdú chuig an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] i bpainéal seachtar breithiúna arna roghnú trí chrannchur as measc chomhaltaí uile [an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)]. Eisiatar an breitheamh lena mbaineann agus an breitheamh a ghlac páirt san ordú atá faoi chonspóid ón gcrannchur.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

4 Tá an díospóid sna príomhimeachtaí idir cuideachta Éireannach, C. Limited, agus náisiúnach Éireannach, M.S., agus baineann sí lena gcearta agus lena n-oibleagáidí faoi seach i ndáil le gníomhartha dlí a tugadh i gcrích sa Pholainn.

5 Is léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte, le breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, gur ordaigh an Sąd Apelacyjny w Warszawie (Cúirt Achomhairc Vársá, an Pholainn) do M.S. suim a íoc le C. Limited arb ionann í agus méid éileamh C. Limited.

6 An 29 Iúil 2021, d'iarr M.S. ar an Ard-Chúirt (Éire), de bhun Airteagal 46 i gcomhar le hAirteagal 45(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO 2012 L 351, lch. 1), diúltú aitheantas a thabhairt don bhreithiúnas a thug an Sąd Apelacyjny w Warszawie (Cúirt Achomhairc Vársá) agus é a fhorfheidhmiú ar an bhforas gur sáraíodh a cheart chun binse arna bhunú roimh ré le dlí mar thoradh ar bhreitheamh arna tharmligean ag Aire Dlí agus Cirt na Polainne ar feadh tréimhse éiginnte a bheith i láthair sa phainéal breithiúna a thug an breithiúnas sin.

7 Ag an am céanna, rinne M.S. achomharc ar phointe dlí os comhair an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) i gcoinne an bhreithiúnais sin ón Sąd Apelacyjny w Warszawie (Cúirt Achomhairc Vársá). Ceapadh painéal de thriúr breithiúna, lena n-áirítear an Breitheamh JG, chun an t-achomharc sin a scrúdú.

8 Rinne C. Limited iarraidh ar thástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta i dtaca leis an mBreitheamh JG, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 29 den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach.

9 D'fhonn a léiriú nár comhlíonadh ceanglais neamhspleáchais agus neamhchlaontachta an Bhreithimh JG, phléadáil C. Limited imthosca éagsúla, go háirithe na himthosca a bhain lena cheapachán.

10 Sa chéad áit, d'áitigh C. Limited gur ceapadh an Breitheamh JG mar bhreitheamh den Dlísheomra Sibhialta den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) an 10 Deireadh Fómhair 2018 ar bhonn Rún Uimh. 330/2018 ón Krajowa Rada Sądownictwa (Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, an Pholainn) ('KRS'), cé gur cuireadh forfheidhmiú an rúin sin ar fionraí an 27 Meán Fómhair 2018 le hordú ón Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Pholainn). Le breithiúnas an 6 Bealtaine 2021, chuir an chúirt sin an rún sin ar neamhní.

11 Sa dara háit, phléadáil C. Limited iompar an Bhreithimh JG tar éis a cheaptha sa Dlísheomra Sibhialta den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus, i ndáil leis sin, rinne sé tagairt do dhearbhú an 28 Samhain 2019, arna shíniú ag breithiúna áirithe den Dlísheomra sin, lena

n-áirítear JG, ar dá réir nach bhfuil feidhm ag breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A.K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982), maidir le breithiúna an Dlísheomra sin arna gceapadh ar bhonn rún ó KRS arna ghlacadh ina chomhdhéanamh nua.

12 Sa tríú háit, thagair C. Limited don fhíoras go bhfuil M.S. ag iarraidh ar chúirteanna na hÉireann diúltú a dhearbhú go bhfuil breithiúnas Sąd Apelacyjny w Warszawie (Cúirt Achomhairc Várs) infhorghníomhaithe agus gur phléadáil sé, chun na críche sin, sárú ar a cheart go n-éistfeadh binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí lena chás. Sna himthosca sin, ní mór na himeachtaí os comhair an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), de réir C. Limited, a dhéanamh os comhair breithiúna nach bhfuil a neamhspleáchas ná a neamhchlaontacht inchurtha in amhras.

13 I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 29 den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, roghnaíodh cúigear breithiúna den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) arna roghnú trí chrannchur chun an painéal breithiúna a chomhdhéanamh, a bhfuil sé de chúram air rialú a thabhairt ar an iarraidh ar thástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta. Tá beirt bhreithiúna ón Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) ar an bpainéal sin a ceapadh roimh 2018 agus triúr breithiúna a ceapadh ar thogra ó KRS ina chomhdhéanamh nua.

14 Agus inghlacthacht iarraidh C. Limited á scrúdú aici, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, i bhfoirmíocht aon bhreithimh amháin atá comhdhéanta den Bhreitheamh is Rapóirtéir, arb é Uachtarán an phainéil cúigear breithiúna sin freisin é, maidir le léiriú Airteagal 29(5) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, i bhfianaise an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt.

15 I ndáil leis sin, cuireann an chúirt sin in iúl go bhfuil dhá léiriú ar an bhforáil sin den dlí náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm thástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta a eascraíonn as cásdlí an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach).

16 De réir an chéad léirithe 'docht', mar a thugtar air, ní mór diúltú d'iarrataí bunaithe ar Airteagal 29(5) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach ag céim an scrúdaithe ar a n-inghlacthacht má tá siad bunaithe ar na himthosca a bhaineann le ceapachán an bhreithimh lena mbaineann ar an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus ar na himthosca sin amháin. De réir an léirithe sin, ní mór a shonrú san iarraidh ar thástáil, ar an gcéad dul síos, na himthosca sin agus iompar an bhreithimh sin tar éis an cheapacháin sin, ónar féidir teacht ar an gconclúid nach gcomhlíontar ceanglais an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta ina leith agus, ar an dara dul síos, tionchar an tsáraithe ar na ceanglais sin ar thoradh an cháis ina ndearnadh an iarraidh sin, i bhfianaise chineál na hiarrata sin.

17 De réir an dara léiriú, ní mór scrúdú níos leithne a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach ar bhonn Airteagal 29(5) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, ar bhonn an rúin chomhpháirtigh arna ghlacadh ag an Dlísheomra Sibhialta agus Coiriúil agus ag an Dlísheomra um Shaothar agus Slándáil Shóisialta den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) an 23 Eanáir 2020, lenar cinneadh nach comhlacht neamhspleách é KRS, toisc go raibh sé go díreach faoi réir na n-údarás polaitiúil ó theacht i bhfeidhm dhlí an 8 Nollaig 2017. De réir an rúin sin, tá painéal breithiúna, lena n-áirítear i measc a chomhaltaí, duine arna cheapadh mar bhreitheamh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) ar thogra ó KRS ina chomhdhéanamh nua, ina chúirt atá comhdhéanta go míchuí, agus mar thoradh air sin tá na himeachtaí breithiúnacha lena mbaineann neamhbhailí.

18 Sa chás seo, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcomhlíontar an ceanglas maidir le binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí ós rud é go mbaineann triúr comhaltaí den phainéal cúigear breithiúna arna roghnú trí chrannchur chun scrúdú a dhéanamh ar iarraidh C. Limited ar thástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta le rún na dtrí dhlísheomra dá dtagraítear sa mhír roimhe seo. Dar leis an gcúirt sin, níor cheart do bhreithiúna arna gceapadh chuig an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) ar thogra ó KRS ina chomhdhéanamh nua páirt a ghlacadh sa scrúdú ar an gcineál sin iarrata, ós rud é go mbainfeadh sé sin an bonn den cheart chun triail chóir a fháil. Sa chomhthéacs sin, tá amhras ar an gcúirt sin maidir leis an gcaoi nach mór déileáil leis na hiarrataí sin i gcomhréir le ceanglais an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt.

19 Sna himthosca sin, chinn an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), ina suí di mar bhreitheamh aonair, bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

(1) Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den [Chairt], an bhfuil léiriú le déanamh amhail gur féidir gur bunús imthosca ceapacháin bhreithiúnaigh, agus iad amháin, le breitheamh a bheith ar neamhréir leis na ceanglais neamhspleáchais agus neamhchlaontachta i gcás ina mbunófaí cúirt atá de shárú ar an gceart ag duine chun triail chóir a fháil [os comhair cúirte atá neamhspleách agus neamhchlaonta, arna bhunú roimh ré le dlí], nó, mar mhalairt rogha, go gcinntear an bhfuil nó nach bhfuil na ceanglais sin á gcomhlíonadh de réir cé acu an breitheamh a bheith nó gan bheith ag géilleadh go héighníomhach (trí bhreitheanna a thabhairt) do mhírialtachtaí a bheith in imeachtaí a cheapacháin bhreithiúnaigh i gcás ina mbunófaí cúirt atá de shárú ar an gceart ag duine chun triail chóir a fháil dá ndeasca?

(2) Maidir le hAirteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt an bhfuil léiriú le déanamh amhail nach bhfuil breith intugtha ar an tástáil maidir le [neamhspleáchas agus] neamhchlaontacht bhreithiúna Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), ag breithiúna a bhfuil páirt a ghlacadh acu inti – toisc gur ceapadh mar bhreithiúna Sąd Najwyższy iad ar iarraidh [KRS] [ina chomhdhéanamh nua] [...] – de shárú ar an gceart ag duine chun triail chóir a fháil?

(3) I gcás ina dtugtar freagra deimhneach ar Cheist 2 an bhfuil léiriú le déanamh ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt amhail nach mór do Sąd Najwyższy [An Chúirt Uachtarach] an painéal um an tástáil maidir le neamhchlaontacht, mar a thugtar uirthi, a chomhdhéanamh gan páirt a glacadh ag na breithiúna sin inti agus, mar bheart in am an éigin, staonadh ó chur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta maidir le painéal cúigear breithiúnas a bheith ina leithéid de chásanna, ar dá réir nach mór do phainéal eile dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta éisteacht leis an gcás, gan páirt a ghlacadh ag na breithiúna sin sa phainéal sin?'

Inghlacthacht

20 Áitíonn C. Limited, go bunúsach, go bhfuil an chéad cheist do-ghlactha toisc nach bhfuil gá le freagra na Cúirte chun scrúdú a dhéanamh ar a hiarraidh ar thástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta. Dar le C. Limited, tá an cinneadh sin bunaithe ní hamháin ar na himthosca a bhain le ceapachán an bhreithimh lena mbaineann, ach freisin ar ghnéithe eile, amhail iompar an

bhreithimh sin tar éis a cheapacháin. Dá bhrí sin, comhlíontar leis an iarraidh sin ceanglais Airteagal 29 den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus ba cheart, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh uirthi de réir fiúntais, gan beann ar fhreagra na Cúirte ar an gceist sin.

21 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an iarraidh ar thástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta sa chás sna príomhimeachtaí bunaithe ar roinnt gnéithe, agus is ábhair ar leith iad cuid acu i dtaca leis na himthosca a bhaineann le ceapachán an bhreithimh lena mbaineann. Mar sin féin, ní leor an méid sin chun an chéad cheist a dhéanamh neamhábhartha do réiteach na díospóide.

22 Leis an gcéad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, le léiriú sa chaoi go bhféadfadh na himthosca a bhaineann le ceapachán breithimh, iontu féin, a fhágáil nach gcomhlíonann an breitheamh sin na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a cheanglaítear faoi na forálacha sin. Dá dtabharfadh an Chúirt freagra dearfach ar an gceist sin agus dá suífí go raibh na himthosca a bhaineann le ceapachán an bhreithimh lena mbaineann, dá dtagraíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, cruthaithe sa chás seo, d'fhéadfadh an chúirt a rinne an tarchur a chinneadh nár comhlíonadh na ceanglais sin, gan gá scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe eile a cuireadh chun cinn mar thaca leis an iarraidh ar thástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta. Dá bhrí sin, is féidir leis an bhfreagra ar an gcéad cheist, ann féin, toradh na díospóide sna príomhimeachtaí a chinneadh.

23 Ag an éisteacht, phléigh na páirtithe freisin inghlacthacht an dara agus an tríú ceist. I ndáil leis sin, áitíodh, go bunúsach, go bhféadfadh sé nach mbeadh an chúirt a rinne an tarchur in ann na freagraí a thug an Chúirt a chur san áireamh. Sa chás seo sna príomhimeachtaí, tá an chúirt a rinne an tarchur ina suí mar bhreitheamh aonair atá comhdhéanta den Bhreitheamh is Rapóirtéir, atá ina Uachtarán freisin ar an bpainéal ina bhfuil cúigear breithiúna atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh ar thástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta a thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí. Bheadh fíoras den chineál sin ina chúis le hamhras maidir le hinniúlacht na cúirte sin an léiriú ar dhlí an Aontais dá bhforáiltear ag an gCúirt Bhreithiúnais a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ina theannta sin, tugadh faoi deara nach bhfuil rialacha sonracha sa Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach a bhaineann le breithiúna a scaoileadh ó chás, ar breithiúna iad a cheaptar, tar éis crannchur a dhéanamh, chun suí ar an bpainéal a n-iarrtar air rialú a thabhairt ar an iarraidh ar thástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta. Sna himthosca sin, tá amhras ann an féidir leis an gcúirt a rinne an tarchur aon deacracht a d'fhéadfadh an Chúirt a shainaithint agus an dara agus an tríú ceist á freagairt, a leigheas.

24 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an chúirt a rinne an tarchur comhdhéanta d'uachtarán an phainéil de chúigear breithiúna a mbeidh an iarraidh ar thástáil an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta faoina bhráid, arb é féin údar an tarchuir chun réamhrialú. Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 38 dá Thuairim, dheimhnigh Rialtas na Polainne ag an éisteacht go bhféadfaidh Uachtarán an phainéil breithiúna, faoi dhlí na Polainne, bearta éagsúla a dhéanamh chun comhdhéanamh neamhrialta den phainéal sin a chosc. Dá bhrí sin, ní mór diúltú do na hagóidí a rinneadh maidir le hinghlacthacht an dara agus an tríú ceist.

25 Dá bhrí sin, tá na trí cheist a tharchuirtear chun réamhrialú inghlactha.

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

26 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, le léiriú sa chaoi go bhféadfadh sárú ar an gceart chun binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí na bhforálacha sin, a bheith mar thoradh ar na himthosca a bhaineann le ceapachán breithimh.

27 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó chásdlí socair na Cúirte, cé go dtagann eagrú an cheartais sna Ballstáit, go háirithe bunú, comhdhéanamh, dlínse agus feidhmiú na gcúirteanna náisiúnta, faoi inniúlacht na Stát sin, ceanglaítear orthu, i bhfeidhmiú na hinniúlachta sin, a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus, go háirithe, faoi Airteagal 19 CAE a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 28).

28 I ndáil leis sin, is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é prionsabal na cosanta dlí éifeachtaí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE atá cumhdaithe, go háirithe, in Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR'), a chomhfhreagraíonn don dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt. Dá bhrí sin, ní mór an fhoráil dheireanach sin a chur san áireamh go cuí chun an dara fomhír d'Airteagal 19(1) a léiriú (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 42).

29 Is ionann na ráthaíochtaí maidir le rochtain ar bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí, go háirithe iad siúd lena gcinntear coincheap agus comhdhéanamh an bhinse sin, agus bunchloch an chirt chun triail chóir a fháil. Is gá a fhíorú an bhfuil comhlacht, trína chomhdhéanamh, ina bhinse den sórt sin, nuair a thagann amhras tromchúiseach chun cinn maidir leis an bpointe seo, ar mhaithe leis an muinín nach mór do bhinsí na sochaí daonlathaí a spreagadh i ndaoine aonair (breithiúnas an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 De réir cásdlí socair, glactar leis go bhfuil rialacha ann leis na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta, ceapadh, fad seirbhíse agus forais le staonadh, diúltú agus dífhostú a chomhaltaí, rud a fhágann gur féidir deireadh a chur le haon amhras réasúnach in intinn daoine aonair maidir le neamh-thréscaoilteacht an chomhlachta sin i leith tosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna atá os a chomhair (breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.(Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* C-487/19, EU:C:2021:798, mír 109, agus an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 70).

31 Sa chomhthéacs sin, chinn an Chúirt, agus tagairt á déanamh aici do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, cé gur ceart uathrialach é an ceart chun 'binse arna bhunú roimh ré le dlí', go bhfuil dlúthnaisc ag an gceart sin, mar sin féin, leis na ráthaíochtaí maidir le 'neamhspleáchas' agus 'neamhchlaontacht'. Go háirithe, i gcomhréir le prionsabal dheighilt na gcumhachtaí atá ina shainghné den smacht reachta, ní mór neamhspleáchas na gcúirteanna a áirithiú i ndáil leis an reachtas agus an bhfeidhmeannas (breithiúnas an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Ina theannta sin, tá sé beartaithe leis an gceanglas a bhaineann leis an '[m]binse arna bhunú roimh ré le dlí' cosc a chur ar eagrú an chórais bhreithiúnaigh a fhágáil faoi rogha na cumhachta feidhmiúcháin agus a áirithiú go bhfuil an t-ábhar sin á rialú ag dlí arna ghlacadh ag an gcumhacht reachtach ar bhealach atá i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear feidhmiú a dlínse. Léirítear leis an abairt sin, go háirithe, prionsabal an smachta reachta agus baineann sé ní hamháin leis an mbunús dlí don bhinse féin a bheith ann, ach freisin le comhdhéanamh an bhinse i ngach cás agus le haon fhoráil eile den dlí náisiúnta a fhágann, i gcás nach gcomhlíontar iad, go bhfuil rannpháirtíocht breithimh amháin nó níos mó i scrúdú an cháis neamhdhleathach, lena n-áirítear, go háirithe, forálacha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht chomhaltaí na cúirte lena mbaineann (féach chuige sin breithiúnais an 26 Márta 2020, *Athbhreithniú Simpson* v *an Chomhairle agus HG* v *an Coimisiún*, C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear; an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* C-487/19, EU:C:2021:798, mír 129, agus an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 73).

33 Dá bhrí sin, ní mór do na coinníollacha substainteacha agus do na rialacha nós imeachta lena rialaítear na cinntí lena gceaptar breithiúna a bheith de chineál nach féidir leo, in aigne na ndaoine aonair, a bheith ina gcúis le hamhras dlisteanach ar neamh-thréscaoilteacht na mbreithiúna lena mbaineann i leith imthosca seachtracha agus ar a neodracht maidir leis na leasanna os a gcomhair, a luaithe a bheidh na breithiúna sin ceaptha. Chuige sin, is gá, go háirithe, na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe sin a cheapadh ar bhealach a chomhlíonfaidh na ceanglais dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo (breithiúnas an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 74 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Maidir leis an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh, go háirithe, chinn an Chúirt, ag féachaint do na hiarmhairtí bunúsacha a ghabhann leis an bpróiseas sin d'fheidhmiú cuí agus dlisteanacht na mbreithiúna i Stát daonlathach arna rialú ag an smacht reachta, gur gá go mbeadh próiseas den sórt sin ina ghné dhílis den choincheap 'binse a bunaíodh roimhe sin le dlí', de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt, agus é á shonrú go ndéantar neamhspleáchas binse, de réir bhrí na forála sin, a thomhas, *inter alia*, leis an gcaoi ar ceapadh a chomhaltaí (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 75 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 É sin ráite, ní fhágann gach earráid a d'fhéadfadh a bheith ann le linn an nós imeachta chun breitheamh a cheapadh go bhfuil amhras ann maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh sin agus, dá bhrí sin, maidir le stádas 'binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí', de réir bhrí dhlí an Aontais, den phainéal breithiúna ina bhfuil sé in a shuí (breithiúnas an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Is cásdlí socair é go bhfuil sárú ar an gceanglas binse a bhunú roimh ré le dlí i gceist le neamhrialtacht a dhéantar agus breithiúna á gceapadh laistigh den chóras breithiúnach lena mbaineann, go háirithe i gcás ina bhfuil an neamhrialtacht sin de chineál agus de thromchúis lena gcruthaítear fíorbhaol go bhféadfaidh brainsí eile den chumhacht, go háirithe an feidhmeannas, discréid mhíchuí a fheidhmiú lena gcuirtear sláine thoradh an phróisis ceapacháin i mbaol agus, dá bhrí sin, go n-eascraíonn amhras dlisteanach aisti, in aigne a bpáirtithe, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh nó na mbreithiúna lena mbaineann, arb é an cás nuair atá rialacha bunúsacha atá ina gcuid dhílis de bhunú agus d'fheidhmiú an chórais bhreithiúnaigh sin i gceist (féach, chuige sin, breithiúnais an 26 Márta 2020, *Athbhreithniú Simpson* v *an Chomhairle agus HG* v *an Coimisiún*, C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232, mír 75, agus an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Tá cinneadh maidir le sárú ar an gceanglas maidir le binse arna 'bhunú roimh ré le dlí' agus iarmhairtí sáraithe den sórt sin faoi réir measúnú foriomlán ar roinnt gnéithe, a chuireann, i dteannta a chéile, in aigne na ndaoine aonair, le hamhras dlisteanach maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna (breithiúnas an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Agus an cásdlí dá dtagraítear i míreanna 29 go 31 den bhreithiúnas seo á chur i bhfeidhm aici, chinn an Chúirt, i mír 77 de bhreithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Krajowa Rada Sądownictwa (Breitheamh a fhanacht i seilbh a oifige)* (C-718/21, EU:C:2023:1015), maidir leis an measúnú ar stádas 'cúirt nó binse', de réir bhrí Airteagal 267 CFAE, de Izba Kontroli Nadzwyczajnej i Spraw Publicznych (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí) den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), i dteannta a chéile, go bhfuil sé mar thoradh ar na tosca sistéamacha agus imthoisceacha a bhí mar shaintréith de cheapachán roinnt breithiúna, laistigh den chomhlacht sin, nach bhfuil stádas 'binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí' ag an gcomhlacht sin, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise an dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *A W 'T'*, C-225/22, EU:C:2025:649, míreanna 49 agus 50).

39 Ar an gcaoi chéanna, i míreanna 35 agus 37 de bhreithiúnas an 7 Samhain 2024, *Prezes Urzędu Ochrony Konkurencji i Konsumentów* (C-326/23, EU:C:2024:940), chinn an Chúirt gurb ionann na heasnaimh a rinne difear do phróiseas ceapacháin an bhreithimh aonair atá ina shuí sa chomhlacht a rinne an tarchur agus a ceapadh chuig dlísheomra sibhialta an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus na heasnaimh a rinne difear do phróiseas ceapacháin bhreithiúna an dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí, agus gur leor iad, iontu féin, chun amhras réasúnach agus tromchúiseach a chruthú, in aigne daoine aonair, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh sin, agus mar thoradh air sin nach 'cúirt ná binse' é an dlísheomra sin de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.

40 Dá bhrí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 52 dá Thuairim, d'fhéadfadh easnaimh áirithe sa phróiseas chun breithiúna a cheapadh a léiriú, iontu féin, nach gcomhlíonann na breithiúna atá i gceist na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht. I gcásanna den sórt sin, ní féidir a cheangal ar pháirtí sna himeachtaí, a ardaíonn an cheist maidir le comhlíonadh na gceanglas sin, fianaise bhreise a thabhairt ar aird chun comhthacú leis an mainneachtain atá líomhainte i dtaca le comhlíonadh na gceanglas sin.

41 Maidir leis an iarraidh ar scrúdú ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithimh atá mar chuid de phainéal breithiúna, lena bhféachtar lena chinneadh an gcomhlíonann an iarraidh sin ceanglais binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, ní mór, dá bhrí sin, don pháirtí a dhéanann iarraidh den sórt sin é féin a theorannú d'argóintí atá bunaithe ar na himthosca a bhaineann le ceapachán an bhreithimh sin amháin agus lena léirítear, sa chás sin, gurb ann do neamhrialtacht de chineál agus de thromchúis den sórt sin go n-ardaítear léi, in aigne daoine aonair, amhras maidir lena neamhspleáchas agus lena neamhchlaontacht i ndáil leis an bhfeidhmeannas nó leis an reachtas, gan é a bheith riachtanach brath ar ghnéithe eile.

42 I gcás ina gcuireann breithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) forálacha Airteagal 29(5) agus (9) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach i bhfeidhm sa chaoi go gceanglaítear leo ar an bpáirtí a bhfuil tástáil neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithimh á lorg aige, i gcomhréir leis an méid a luaitear i mír 16 den bhreithiúnas seo, fianaise bhreise a thabhairt ar aird a bhaineann le hiompar an bhreithimh sin tar éis a cheapacháin chun sárú ar na ceanglais neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a bhaineann leis a shuíomh, agus nach mór don pháirtí sin freisin tionchar an tsáraithe sin ar thoradh cás ar leith a shonrú, bheadh cur i bhfeidhm den sórt sin contrártha d'fhorálacha an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt.

43 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi go bhféadfadh sárú ar an gceart chun binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí na bhforálacha sin, a bheith mar thoradh ar na himthosca a bhaineann le ceapachán breithimh, iontu féin, má thugtar le fios go bhfuil neamhrialtacht de chineál agus de thromchúis i gceist leis na himthosca sin, go n-ardaítear léi, in aigne daoine aonair, amhras maidir le neamhspleáchas agus le neamhchlaontacht an bhreithimh sin.

An dara ceist

44 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc léi ar fhíorú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a bhaineann le breitheamh atá ina shuí i gcúirt agus, dá bhrí sin, ar an gceart chun binse arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí na bhforálacha sin, a chur de chúram ar phainéal breithiúna de chuid na cúirte sin ina bhfuil breitheamh amháin nó níos mó atá, mar gheall ar imthosca a gceapacháin, i staid chomhionann leis an mbreitheamh is ábhar don fhíorú sin.

45 I ndáil leis sin, mar a mheabhraítear i mír 28 den bhreithiúnas seo, is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é prionsabal na cosanta dlí éifeachtaí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a eascraíonn as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, a chumhdaítear, *inter alia*, in Airteagal 6(1) ECHR, agus a chomhfhreagraíonn anois don dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt.

46 Thairis sin, a mhéid a leagtar amach sa Chairt na cearta lena gcomhfhreagraítear do na cearta a ráthaítear faoi ECHR, is é is aidhm d'Airteagal 52(3) den Chairt an chomhsheasmhacht is gá a áirithiú idir na cearta atá sa Chairt agus na cearta comhfhreagracha a ráthaítear faoi ECHR, gan dochar a dhéanamh dá bhrí sin d'uathriail dhlí an Aontais. De réir na mínithe a bhaineann leis an gCairt (IO 2007 C 303, lch. 17), comhfhreagraíonn Airteagal 6(1) ECHR don dara mír

d'Airteagal 47 den Chairt. Dá bhrí sin, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a áirithiú go n-áiritheofar, lena léiriú sa chás seo, leibhéal cosanta nach bhfuil ag teacht salach ar an leibhéal cosanta a ráthaítear in Airteagal 6(1) ECHR, arna léiriú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21, agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Mar sin féin, ba cheart a mheabhrú nach mór do gach Ballstát, faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, a áirithiú go gcomhlíonann na comhlachtaí a n-iarrtar orthu, mar 'chúirt nó binse' de réir bhrí dhlí an Aontais, rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais agus a thagann, dá bhrí sin, faoina chóras leigheasanna dlíthiúla sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais, na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach, lena n-áirítear neamhspleáchas (breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go bhfuil an ceanglas maidir le neamhspleáchas na gcúirteanna, atá ina dhlúthchuid den chúram chun breithniú a dhéanamh ar an gcás, mar chuid lárnach den cheart chun cosaint dlí éifeachtach agus den cheart bunúsach chun triail chóir a fháil, a bhfuil ríthábhacht ag baint leo mar ráthaíochtaí chun na cearta uile a eascraíonn ó dhlí an Aontais a chosaint agus chun na luachanna is coiteann do na Ballstáit a chaomhnú, a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an smachta reachta (breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 De réir cásdlí socair, tá dhá ghné ag baint leis an gceanglas neamhspleáchais sin. Ceanglaítear leis an gcéad ghné, atá seachtrach, go bhfeidhmeoidh an comhlacht lena mbaineann a fheidhmeanna go hiomlán neamhspleách, gan bheith faoi réir aon srian ordlathach ná faoi réir aon údarás eile agus gan orduithe ná treoracha a ghlacadh ó aon fhoinse ar bith, agus cosaint á tabhairt dá bhrí sin ar idiragairtí seachtracha nó ar bhrú seachtrach a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhreithiúnas neamhspleách a chomhaltaí agus tionchar a imirt ar a gcinntí (breithiúnais an 19 Samhain 2019, *A. K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)*, C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 121 agus an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 50).

50 Tá an dara gné, ar gné inmheánach í, nasctha le 'neamhchlaontacht' agus féachtar léi lena áirithiú go gcoimeádtar comhfhad idir na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n-imeachtaí sin. Éilítear leis an ngné sin oibiachtúlacht agus easpa leasa i dtoradh an cháis seachas cur i bhfeidhm docht an smachta reachta (breithiúnais an 19 Samhain 2019, *A. K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)*, C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 122 agus an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 51).

51 Glactar leis, trí na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta sin, go bhfuil rialacha ann a bhaineann, go háirithe, le comhdhéanamh an chomhlachta lena mbaineann, lena bhféadfar deireadh a chur le haon amhras dlisteanach, in aigne daoine aonair, maidir le neamh-thréscaoilteacht an chomhlachta sin i leith tosca seachtracha agus maidir lena neodracht i dtaca leis na leasanna atá os a chomhair (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Samhain 2019, *A. K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)*, C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 123 agus an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 52).

52 Go sonrach, maidir le prionsabal na neamhchlaontachta, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 65 dá Thuairim, ceanglaítear leis nach mbeidh aon leas, laofacht ná réamhbhreithiúnas ag breithiúna sna díospóidí atá os a gcomhair agus go gcaithfidh siad go cothrom agus go cóir leis na páirtithe uile.

53 Chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go dtagraítear le neamhchlaontacht de ghnáth d'easpa laofachta nó réamhbhreithiúnais, ar féidir é a fhíorú ar bhealaí éagsúla. De réir na cúirte sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar neamhchlaontacht ar bhonn cur chuige suibiachtúil arb é atá i gceist leis tuairimí pearsanta agus iompar breithimh ar leith a chur san áireamh chun a fháil amach ar léirigh sé aon laofacht nó aon réamhbhreithiúnas sa chás atá os a chomhair, ach freisin ar bhonn cur chuige oibiachtúil, arb é atá ann measúnú a dhéanamh ar thug an chúirt féin agus, i measc gnéithe eile, a comhdhéanamh, ráthaíochtaí leordhóthanacha chun aon amhras dlisteanach maidir lena neamhchlaontacht a eisiamh (féach, chuige sin, ECtHR, breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2009, *Micallef* v *Málta* (CE:ECHR:2009:1015JUD001705606, § 93).

54 I gcomhthéacs an mheasúnaithe oibiachtúil ar neamhchlaontacht, ní mór a cheistiú, gan beann ar iompar pearsanta na mbreithiúna, an ann d'fhíorais atá infhíoraithe chun údar a thabhairt le hamhras a bheith ar neamhchlaontacht na mbreithiúna sin. San ábhar seo, d'fhéadfadh tábhacht áirithe a bheith leis an dealramh atá ar chúrsaí fiú. De réir chásdlí Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil forais imní ann nach gcomhlíontar na ceanglais sin maidir le neamhspleáchas nó neamhchlaontacht oibiachtúil i gcás ar leith, cuirtear dearcadh páirtí san áireamh, ach níl sé sin cinntitheach. Is í an toisc chinntitheach an féidir a mheas go bhfuil údar oibiachtúil leis na hábhair imní atá i gceist (féach, chuige sin, ECtHR, 15 Deireadh Fómhair 2009, *Micallef* v *Málta*, CE:ECHR:2009:1015JUD001705606, § 96 agus 98; agus breithiúnas an 19 Nollaig 2024, *Vivacom Bulgaria*, C-369/23, EU:C:2024:1043, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine freisin, go bunúsach, go bhféadfadh rannpháirtíocht na mbreithiúna i gcinneadh maidir le duine dá gcomhghleacaithe a scaoileadh ó chás, ar comhalta den phainéal breithiúna céanna é, a bheith mar bhonn don argóint lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 6(1) ECHR, má tá siad féin ina n-ábhar d'iarraidh den chineál céanna maidir le scaoileadh ó chás (féach, chuige sin, ECtHR, 22 Meán Fómhair 1994, *Debled* v *an Bheilg*, CE:ECHR:1994:0922JUD002681891, § 37).

56 Dá bhrí sin, ní féidir le comhaltaí painéil breithiúna a n-iarrtar orthu rialú a thabhairt ar an gceist an bhfuil rannpháirtíocht breithimh i gcomhlacht ar leith de chineál a shárófaí an ceanglas maidir le binse arna bhunú roimh ré le dlí, a bheith, iad féin, i staid chomhionann leis an mbreitheamh sin. Ós rud é go bhfuil na himthosca a bhaineann lena gceapacháin féin mar bhreithiúna comhionann le himthosca cheapachán an bhreithimh úd, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le hamhras réasúnach i measc na ndaoine aonair maidir le neodracht an phainéil sin i dtaca leis na leasanna atá os a gcomhair. Dá bhrí sin, ní féidir le comhaltaí an phainéil sin scrúdú a dhéanamh ar an gceist maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh sin i gcás ina bhfuil siad i staid atá comhionann.

57 Sa chás seo, is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte gur tháinig na forálacha a bhaineann leis na himeachtaí arna dtionscnamh ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí i bhfeidhm, tar éis leasú a dhéanamh ar an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, le linn na bliana 2022, d'fhonn ceart daoine aonair chun binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí a ráthú, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt. Leis an nós imeachta sin, ceadaítear do na páirtithe in imeachtaí os comhair an Sąd Najwyższy (an Chúirt

Uachtarach) scrúdú a iarraidh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithimh den chúirt sin atá freagrach as rialú a thabhairt sa chás a bhaineann leo, agus cuirtear an scrúdú ar an iarraidh sin de chúram ar phainéal sonrach ina bhfuil cúigear breithiúna arna roghnú trí chrannchur as breithiúna de chuid an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), gan an breitheamh dá dtagraítear san iarraidh sin a bheith san áireamh.

58 Dá bhrí sin, ní mór do phainéal an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a n-iarrtar air scrúdú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 29 den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, ar an gceist maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithimh den chúirt sin, é féin, ceanglais binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí a chomhlíonadh, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt.

59 Go sonrach, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhféadfadh breitheamh a ceapadh chuig an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), ar thogra ó KRS ina chomhdhéanamh nua, a bheith ina bhall den phainéal cúigear breithiúna a n-iarrtar air rialú a thabhairt ar iarraidh ar thástáil neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a dhéantar de bhun Airteagal 29 den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, i gcás ina bhfuil na himthosca maidir lena cheapachán féin comhionann le himthosca an bhreithimh is ábhar don iarraidh sin.

60 I ndáil leis sin, is léir ón ordú tarchuir, laistigh de phainéal an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh ar thástáil neamhspleáchais agus neamhchlaontachta sa chás sna príomhimeachtaí, gur ceapadh triúr breithiúna, *inter alia*, ar thogra KRS ina chomhdhéanamh nua agus gur scaoileadh duine den triúr breithiúna sin ó chás eile cheana féin i ndiaidh an nós imeachta chéanna agus a d'iarr an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí.

61 Dá bhrí sin, mar a luaitear i mír 56 den bhreithiúnas seo, i gcás inar ceapadh breitheamh sa phost ag an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) in imthosca atá comhionann leis na himthosca a bhaineann le ceapachán an bhreithimh is ábhar d'iarraidh ar thástáil neamhspleáchais agus neamhchlaontachta agus sna himthosca céanna lena mbunaítear an iarraidh sin, ní féidir glacadh leis go bhféadfadh an chéad bhreitheamh sin suí ar phainéal na cúirte sin atá freagrach as rialú a thabhairt ar an iarraidh sin.

62 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist nach mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc léi ar fhíorú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a bhaineann le breitheamh atá ina shuí i gcúirt agus, dá bhrí sin, ar an gceart chun binse arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí na bhforálacha sin, a chur de chúram ar phainéal breithiúna de chuid na cúirte sin ina bhfuil breitheamh amháin nó níos mó atá, mar gheall ar imthosca a gceapacháin, i staid chomhionann leis an mbreitheamh is ábhar don fhíorú sin.

An tríú ceist

63 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, le léiriú sa chaoi, i gcás ina sáraítear le painéal breithiúna, a n-iarrtar air iarraidh ar fhíorú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht comhalta den chúirt sin a éisteacht, é féin, an ceart chun binse arna bhunú roimh ré le dlí mar gheall ar bhreitheamh nach gcomhlíonann na ceanglais sin a bheith i láthair ar an bpainéal sin, an ceanglaítear ar an gcúirt atá i gceist a áirithiú

nach nglacfaidh breitheamh den sórt sin páirt i scrúdú na hiarrata sin agus nach mór di, i gcás inarb iomchuí, na rialacha náisiúnta lena gcinntear comhdhéanamh an phainéil breithiúna sin a fhágáil gan feidhm ionas go ndéanfadh comhlacht a chomhlíonann na forálacha sin de dhlí an Aontais scrúdú ar an iarraidh sin.

64 Dá bhrí sin, is léir ón gceist sin go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, le léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar chúirt náisiúnta a n-iarrtar uirthi athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithiúna áirithe a áirithiú nach n-áirítear i bpainéal breithiúna na cúirte sin a dhéanann an scrúdú sin breithiúna nach gcomhlíonann na ceanglais sin agus, más amhlaidh atá, na bearta a cheanglaítear ar an gcúirt sin a ghlacadh chun na críche sin.

65 De réir cásdlí socair, cumhdaíonn prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais tosaíocht dhlí an Aontais ar dhlí na mBallstát. Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar údaráis uile na mBallstát faoin bprionsabal sin lánéifeacht a thabhairt d'fhorálacha éagsúla dhlí an Aontais, ós rud é nach féidir le dlí na mBallstát difear a dhéanamh don éifeacht a thugtar do na forálacha sin i gcríoch na Stát sin (breithiúnas an 13 Iúil 2023, *YP agus páirtithe eile (Deireadh le saoirse ó phionós agus breitheamh a chur ar fionraí)*, C-615/20 agus C-671/20, EU:C:2023:562, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).

66 Dá bhrí sin, ceanglaítear leis an bprionsabal sin, go háirithe, ar aon chúirt náisiúnta a n-iarrtar uirthi, laistigh de theorainneacha a dlínse, forálacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm, an oibleagáid lánéifeacht a thabhairt do cheanglais dhlí an Aontais sa díospóid os a comhair a áirithiú, agus a fhágáil gan feidhm más gá, uaithi féin, aon reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta atá contrártha le foráil de chuid dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach aici, gan gá le hiarraidh nó fanacht ar dheireadh a chur roimh ré leis an bhforáil sin trí reachtaíocht nó trí nós imeachta bunreachtúil eile. Tá comhlíonadh na hoibleagáide sin riachtanach freisin chun urramú chomhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí a áirithiú agus is ionann an méid sin agus léiriú ar phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar amach in Airteagal 4(3) CAE (breithiúnas an 13 Iúil 2023, *YP agus páirtithe eile (Deireadh le saoirse ó phionós agus breitheamh a chur ar fionraí)*, C-615/20 agus C-671/20, EU:C:2023:562, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).

67 Chinn an Chúirt cheana go bhfuil éifeacht dhíreach dá leithéid ag an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, lena bhforchuirtear oibleagáid shoiléir bheacht ar na Ballstáit maidir leis an toradh atá le baint amach agus nach bhfuil faoi réir aon choinníollacha, go háirithe maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna a n-iarrtar orthu dlí an Aontais a léiriú agus a chur i bhfeidhm agus maidir leis an gceanglas nach mór iad a bhunú roimh ré le dlí, rud a thugann le tuiscint nach mór aon fhoráil náisiúnta, aon chásdlí nó aon chleachtas náisiúnta atá contrártha leis na forálacha sin de dhlí an Aontais, arna léiriú ag an gCúirt, a fhágáil gan feidhm (breithiúnas an 13 Iúil 2023, *YP agus páirtithe eile (Deireadh le saoirse ó phionós agus breitheamh a chur ar fionraí)*, C-615/20 agus C-671/20, EU:C:2023:562, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).

68 Is léir freisin ó chásdlí socair, fiú in éagmais bearta reachtacha náisiúnta lena gcuirtear deireadh le mainneachtain oibleagáidí arna mbunú ag an gCúirt a chomhlíonadh, gur faoi na cúirteanna náisiúnta atá sé gach beart a dhéanamh chun cur chun feidhme iomlán dhlí an Aontais a éascú i gcomhréir leis an treoir atá sa bhreithiúnas lena suitear nár comhlíonadh oibleagáidí. Thairis sin, faoi phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) CAE, ceanglaítear ar na Ballstáit na hiarmhairtí neamhdhleathacha a bhaineann le sárú ar dhlí an Aontais a neamhniú (féach, chuige sin, breithiúnais an 10 Márta 2022, *Grossmania*, C-177/20, EU:C:2022:175, míreanna 38

agus 63 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 13 Iúil 2023, *YP agus páirtithe eile (Deireadh le saoirse ó phionós agus breitheamh a chur ar fionraí)*, C-615/20 agus C-671/20, EU:C:2023:562, mír 64)

69 Chun na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna 65 go 68 den bhreithiúnas seo a chomhlíonadh, ní mór do chúirt náisiúnta, a mhéid is féidir, an reachtaíocht náisiúnta ábhartha a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais. Mar sin féin, mura féidir le léiriú den sórt sin sárú ar cheart daoine aonair chun binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí a sheachaint, ceanglaítear ar an gcúirt sin, chun tosaíocht dhlí an Aontais a áirithiú, na forálacha náisiúnta atá i gceist a fhágáil gan feidhm, go háirithe i gcás ina mbeadh sé mar thoradh ar na forálacha sin go ndéanfadh breithiúna nach bhfuil an neamhchlaontacht is gá acu, nó go mbeadh an dealramh ann nach bhfuil an neamhchlaontacht is gá acu, cás a scrúdú (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.(Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* C-487/19, EU:C:2021:798, míreanna 159 agus 161, agus an 13 Iúil 2023, *YP agus páirtithe eile (Deireadh le saoirse ó phionós agus breitheamh a chur ar fionraí)*, C-615/20 agus C-671/20, EU:C:2023:562, mír 65).

70 Ní fhorchuirtear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, áfach, ar na Ballstáit samhail aonair chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú nó chun muinín sa chóras breithiúnach a athbhunú, ar muinín í a chaill an pobal mar thoradh ar neamhrialtachtaí sistéamacha i gceapadh breithiúna (breithiúnas an 24 Márta 2026, *Rzecznik Praw Obywatelskich (Gnáthbhreitheamh a scaoileadh ó chás)*, C-521/21, EU:C:2026:242, mír 64).

71 Dá bhrí sin, is faoi dhlíchóras an Bhallstáit lena mbaineann atá sé na rialacha nós imeachta mionsonraithe a leagan síos lena bhféadfar a áirithiú go n-éistfidh painéal breithiúna a chomhlíonann na ceanglais a eascraíonn as an gceart bunúsach chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil le hiarraidh ar fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht comhalta cúirte.

72 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist ná nach mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi, i gcás ina i gcás ina sáraítear le painéal breithiúna, a n-iarrtar air iarraidh ar fhíorú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht comhalta den chúirt sin a éisteacht, é féin, an ceart chun binse arna bhunú roimh ré le dlí mar gheall ar bhreitheamh nach gcomhlíonann na ceanglais sin a bheith i láthair ar an bpainéal sin, go gceanglaítear ar an gcúirt atá i gceist a áirithiú nach nglacfaidh breitheamh den sórt sin páirt i scrúdú na hiarrata sin agus nach mór di, i gcás inarb iomchuí, na rialacha náisiúnta lena gcinntear comhdhéanamh an phainéil breithiúna sin a fhágáil gan feidhm ionas go ndéanfadh comhlacht a chomhlíonann na forálacha sin de dhlí an Aontais scrúdú ar an iarraidh sin. Go háirithe, ní mór breithiúna nach gcomhlíonann ceanglais na neamhchlaontachta is gá a eisiamh ón bpainéal breithiúna atá freagrach as an scrúdú sin a dhéanamh. Is faoi dhlíchóras an Bhallstáit lena mbaineann atá sé na rialacha mionsonraithe nós imeachta is gá a leagan síos chun a áirithiú go n-éistfidh painéal breithiúna a chomhlíonann na ceanglais a eascraíonn as an gceart bunúsach chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil le hiarraidh den sórt sin.

Costais

73 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   d'fhéadfadh sárú ar an gceart chun binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí na bhforálacha sin, a bheith mar thoradh ar na himthosca a bhaineann le ceapachán breithimh, iontu féin, má thugtar le fios go bhfuil neamhrialtacht de chineál agus de thromchúis i gceist leis na himthosca sin, go n-ardaítear léi, in aigne daoine aonair, amhras maidir le neamhspleáchas agus le neamhchlaontacht an bhreithimh sin.

2. **Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc léi ar fhíorú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a bhaineann le breitheamh atá ina shuí i gcúirt agus, dá bhrí sin, ar an gceart chun binse arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí na bhforálacha sin, a chur de chúram ar phainéal breithiúna de chuid na cúirte sin ina bhfuil breitheamh amháin nó níos mó atá, mar gheall ar imthosca a gceapacháin, i staid chomhionann leis an mbreitheamh is ábhar don fhíorú sin.

3. **Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   i gcás ina sáraítear le painéal breithiúna, a n-iarrtar air iarraidh ar fhíorú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht comhalta den chúirt sin a éisteacht, é féin, an ceart chun binse arna bhunú roimh ré le dlí mar gheall ar bhreitheamh nach gcomhlíonann na ceanglais sin a bheith i láthair ar an bpainéal sin, ceanglaítear ar an gcúirt atá i gceist a áirithiú nach nglacfaidh breitheamh den sórt sin páirt i scrúdú na hiarrata sin agus nach mór di, i gcás inarb iomchuí, na rialacha náisiúnta lena gcinntear comhdhéanamh an phainéil breithiúna sin a fhágáil gan feidhm ionas go ndéanfadh comhlacht a chomhlíonann na forálacha sin de dhlí an Aontais scrúdú ar an iarraidh sin. Go háirithe, ní mór breithiúna nach gcomhlíonann ceanglais na neamhchlaontachta is gá a eisiamh ón bpainéal breithiúna atá freagrach as an scrúdú sin a dhéanamh. Is faoi dhlíchóras an Bhallstáit lena mbaineann atá sé na rialacha mionsonraithe nós imeachta is gá a leagan síos chun a

áirithiú go n-éistfidh painéal breithiúna a chomhlíonann na ceanglais a eascraíonn as an gceart bunúsach chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil le hiarraidh den sórt sin.

[Sínithe]